



Uimhir 27 de 1991

An tAcht um Thruailliú na Farraige, 1991
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 27 de 1991

AN tACHT UM THRUAILLIÚ NA FARRAIGE, 1991

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

CUID I

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal.
2. Tosach feidhme.
3. Léiriú.
4. Díolúintí ón Acht.
5. Orduithe agus rialacháin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.
6. Táillí.
7. Caiteachais an Aire.
8. Aisghairm.
9. Orduithe, rialacháin etc. a bhuanú.

CUID II

TRUAILLIÚ A CHOSC

10. Toirmeasc ar scaoileadh amach ola agus substaintí eile.
11. Cosaint maidir le scaoileadh amach in imthosca áirithe.
12. Saoráidí chun iarmhair olacha agus substaintí eile a dhiúscairt.
13. Tuairisc faoi scaoileadh amach sa Stát nó i gcuan nó i limistéar forordaithe.
14. Longa a threalmhú etc., chun truailliú a chosc.
15. Taifid a choinneáil.

16. Feidhm ailt 14 agus 15 maidir le longa coigríche.

CUID III

FORFHEIDHMIÚ

17. Suirbhéireachtaí agus iniúchtaí ar longa.
18. Suirbhéireachtaí thar ceann tíre de chuid Choinbhinsiún
MARPOL.
19. Suirbhéirí long.
20. Cigirí a cheapadh.
21. Cumhachtaí cigirí.
22. Long nó trealamh atá fabhtach.
23. Cead isteach i gcuan nó sa Stát a dhiúltú do longa.
24. Longa a choinneáil.
25. Cumhachtaí máistrí cuain.
26. Cumhachtaí an Aire thruailliú a chosc, a mhaolú nó a chealú.
27. Ceart cúiteamh a ghnóthú ón Aire.
28. Orduithe a bhaineann le Coinbhinsiún agus Prótacail.

CUID IV

ILGHNÉITHEACH

29. Pionóis.
30. Imeachtaí i leith cionta.
31. Cionta ag comhlacht corpraithe.
32. Comhlacht corpraithe a dhíotáil.
33. Fíneálacha a bhailiú agus a chur chun feidhme.
34. Cruthúnas ar dhoiciméid áirithe.

[1991.]

*An tAcht um Thruailliú na
Farraige, 1991.*

[Uimh. 27.]

35. Toimhde maidir le scaoileadh amach.
36. Leasú ar an Acht um an Scairbh Ilchríochach, 1968.
37. Leasú ar an Acht um Ola-Thruailliú na Farraige (Dliteanas Sibhialta agus Cúiteamh), 1988.
38. Fianaise ar chaiteachais an Aire.
39. Forálacha a bhaineann le longa a choinneáil.
40. Máistir loinge a choinneáil go dtí go ndéanfar cinneadh ar imeachtaí (lena n-áirítear achomhairc) faoin Acht.
41. Íocaíocht as urrús dá bhforáiltear in alt 40.
42. Costais ionchúiseamh.
43. Doiciméid a sheirbheáil.

AN CHÉAD SCEIDEAL

Achtacháin a Aisghairtear

AN DARA SCEIDEAL

Leasú ar an Acht um Ola-Thruailliú na Farraige (Dliteanas Sibhialta agus Cúiteamh), 1988

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

An tAcht Eadrána, 1954	1954, Uimh. 26
An tAcht um an Scairbh Ilchríochach, 1968	1968, Uimh. 14
An tAcht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967	1967, Uimh. 12
An tAcht um Dhumpáil ar Farraige, 1981	1981, Uimh. 8
An tAcht um Lárionaid Chuanta Iascaigh, 1968	1968, Uimh. 18
An tAcht Cuanta, 1946	1946, Uimh. 9
An tAcht Loingis Thráchtála, 1955	1955, Uimh. 29
<i>Merchant Shipping Act</i> , 1894	57 agus 58 Vict., c. 60
An tAcht um Ola-Thruailliú na Farraige (Dliteanas Sibhialta agus Cúiteamh), 1988	1988, Uimh. 11
<i>Petty Sessions (Ireland) Act</i> , 1851	14 agus 15 Vict., c. 93
<i>Public Offices Fees Act</i> , 1879	42 agus 43 Vict., c. 58



Uimhir 27 de 1991

AN tACHT UM THRUAILLIÚ NA FARRAIGE, 1991

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN TRUAILLIÚ NA FARRAIGE LE hOLA AGUS LE SUBSTAINÍ EILE A CHOSC; AGUS DO THABHAIRT ÉIFEACHTA DON CHOINBHINSIÚN IDIRNÁISIÚNTA CHUN TRUAILLIÚ Ó LONGA A CHOSC A RINNEADH I LONDAIN AN 2ú LÁ DE SHAMHAIN, 1973, ARNA LEASÚ LEIS AN bPRÓTACAL A RINNEADH I LONDAIN AN 17ú LÁ D'FHEABHRA, 1978; AGUS DO THABHAIRT ÉIFEACHTA DON PHRÓTACAL A BHAINNEANN LE hIDIRGHABHÁIL AR AN MÓRMHUIR I gCÁS TRUAILLIÚ AG SUBSTAINÍ SEACHAS OLA A RINNEADH I LONDAIN AN 2ú LÁ DE SHAMHAIN, 1973; AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN NA hACHTANNA UM OLATHRUAILLIÚ NA FARRAIGE, 1956 GO 1977, A AISGHAIRM; AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE EILE A BHAINNEANN LEIS NA NITHE SIN ROIMHE SEO. [26 Samhain, 1991]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID I

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

1.—Féadfar an tAcht um Thruailliú na Farraige, 1991, a ghairm den Gearrtheideal. Acht seo.

2.—Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh ar cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh le haghaidh forálacha éagsúla. Tosach feidhme.

Léiriú.

3.—(1) San Acht seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

ciallaíonn “scaoileadh amach”, i ndáil le hola, le meascáin olacha, le substaintí leachtacha urchóideacha, le substaintí dochracha, le séarachta nó le trufflais, nó le haon eisilteach ina bhfuil aon substaint de na substaintí sin, aon ligean amach, cibé ní is cúis leis, ó long agus folaíonn sé aon éalú, diúscairt, doirteadh, sileadh, caidéalú, astú nó folmhú aon substainte ó long, ach ní fholaíonn sé—

(a) dumpáil, de réir bhrí an Achta um Dhumpáil ar Farraige, 1981, nó

(b) ligean amach ola, meascán olach, substaintí leachtacha urchóideacha nó substaintí dochracha is ligean amach a thig go díreach as taiscéaladh, saothrú agus próiseáil ghaolmhar amach ón gcósta a dhéanamh ar acmhainní mianra grinnill farraige, nó

(c) ligean amach ola, meascán olach, substaintí leachtacha urchóideacha nó substaintí dochracha chun críche taighde eolaíochta dhliteanaigh i dtaobh thruailliú a laghdú nó a rialú;

ciallaíonn “fauna” gach ainmhí fiáin (uisce agus talún) agus folaíonn sé go háirithe éin fhiáine, mamaigh fhiáine, reiptílí, ainmhithe agus amfaibiaigh inverteabracha neamhuisce, agus uibheacha agus óga na n-ainmhithe fiáine sin uile, agus folaíonn sé freisin gach speiceas éisc agus ainmhithe inverteabracha uisce eile agus a n-uibheacha nó a sceith nó a n-ál nó a n-óga;

ciallaíonn “flora” gach planda (uisce agus talún) a fhaightear san fhianas (laistigh nó lasmuigh den Stát) nach crainn, toir ná plandaí eile a bhíonn á bhfás i gcúrsa talmhaíochta nó gairneoireachta, agus folaíonn sé, go háirithe, léicin, caonaigh, aelusanna, fungais, algaí, algaí muirí agus plandaí soithíocha, is é sin le rá, plandaí bláthanna, raithneacha agus plandaí raithneachúla agus aon chumann plandaí den sórt sin;

ciallaíonn “trufflais” dramhaíl bhia, dramhaíl tís agus dramhaíl oibríochta de gach cineál (gan iasc úr agus codanna den chéanna a áireamh) agus aon substaint eile a ghintear le linn gnáthoibriú loinge agus ar dóigh go ndiúscrófar í go leanúnach nó go tréimhsiúil, seachas substaint a rialáiltear go sonrach leis an Acht seo;

folaíonn “cuan” aon duga, piara, caladh, lamairne, fánán bád, críochfort amach ón gcósta, suiteáil nó ionad atá ceaptha nó a úsáidtear le haghaidh cóiríochta, calú nó ancairiú nó le haghaidh loingsiú, díloingsiú nó trasloingsiú earraí;

ciallaíonn “údarás cuain”—

- (a) i gcás cuain lena mbaineann an tAcht Cuanta, 1946, údarás cuain de réir bhrí an Achta sin;
- (b) i gcás cuain faoi rialú Choimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn, na Coimisinéirí;
- (c) i gcás lárionaid cuain iascaigh lena mbaineann an tAcht um Lárionaid Chuanta Iascaigh, 1968, nó i gcás Chuan Dhún Laoghaire, Aire na Mara;
- (d) i gcás cuain faoi rialú údaráis áitiúil, an t-údarás áitiúil lena mbaineann; nó
- (e) i gcás cuain faoi bhainistíocht Iarnród Éireann — Irish Rail, an chuideachta sin;

ciallaíonn “máistir cuain” duine arna cheapadh ag údarás cuain le bheith ina mháistir cuain agus folaíonn sé duine arna cheapadh ag údarás cuain chun forálacha an Achta seo a fhorfheidhmiú;

ciallaíonn “substaint dhochrach” aon substaint ar dóigh di, má chuirtear isteach san fharraige í—

- (a) guaiseacha do shláinte an duine a chruthú,
- (b) dochar a dhéanamh do bheo-acmhainní muirí,
- (c) dochar a dhéanamh do flora agus fauna,
- (d) damáiste a dhéanamh do thaitneamhachtaí, nó
- (e) cur isteach ar úsáidí dlisteanacha na farraige,

agus aon substaint atá faoi réir a rialaithe ag Coinbhinsiún MARPOL nó atá forordaithe faoi *alt 10* mar shubstaint dhochrach agus folaíonn sé aon substaint den sórt sin a iompraítear ar farraige, cibé slí a n-iompraítear í;

ciallaíonn “cigire” duine—

(a) is suirbhéir long, nó

(b) is duine a cheaptar chun bheith ina chigire le barántas ón Aire faoi *alt 20*, nó

(c) is oifigeach a bhfuil céim choimisiúnta chabhlaigh aige sna Buan-Óglaigh, nó

(d) is comhalta den Gharda Síochána;

ciallaíonn “an Coinbhinsiún Idirghabhála” an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Idirghabháil ar an Mórmhuir i gCás Taismí ó Ola-Thruailliú, 1969, a rinneadh sa Bhruiséil an 29ú lá de Shamhain, 1969;

ciallaíonn “an Prótacal Idirghabhála” an Prótacal a bhaineann le hIdirghabháil ar an Mórmhuir i gCás Thruailliú ag Substaintí seachas Ola, 1973, a rinneadh i Londain an 2ú lá de Shamhain, 1973;

folaíonn “beo-acmhainní muirí” iasc agus láithreacha sceite éisc nó a mbia agus folaíonn sé gach inveirteabrach muirí, gach crústach, agus moilisc a fhaightear san fharraige;

ciallaíonn “taisme mhuirí” imbhuailadh long, tráchur nó tarlú eile loingseoireachta, nó teagmhas eile ar bord loinge nó lasmuigh di a bhfuil damáiste ábhartha nó gar-bhaol damáiste ábhartha do long nó do lasta de thoradh uirthi;

ciallaíonn “Coinbhinsiún MARPOL” an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta chun Thruailliú ó Longa a Chosc, 1973, a rinneadh i Londain an 2ú lá de Shamhain, 1973, arna leasú leis an bPrótacal a ghabhann leis a rinneadh i Londain an 17ú lá d’Fheabhra, 1978;

ciallaíonn “máistir”, i ndáil le long, an duine atá, de thuras na huaire, i gceannas nó i bhfeighil na loinge;

ciallaíonn “an tAire” Aire na Mara;

ciallaíonn “substaint leachtach urchóideach” aon substaint leachtach ar dóigh di, má chuirtear isteach san fharraige í—

(a) guaiseacha do shláinte an duine a chruthú,

(b) dochar a dhéanamh do bheo-acmhainní muirí,

(c) dochar a dhéanamh do flora agus fauna,

(d) damáiste a dhéanamh do thaitneamhachtaí, nó

(e) cur isteach ar úsáidí dlisteanacha na farraige,

agus aon substaint leachtach atá forordaithe faoi *alt 10* mar shubstaint leachtach urchóideach;

ciallaíonn ola (seachas in *alt 26*) peitríliam in aon fhoirm lena n-áirítear amhola, ola bhreosla, ola dhíosail, ola bhealaithe, troighean, fuilleach ola agus táirgí scagtha agus aon ola nó meascán olach atá forordaithe amhlaidh faoi *alt 10* ach ní fholaíonn sé aon substaint atá forordaithe mar shubstaint leachtach urchóideach;

ciallaíonn “meascán olach” meascán a bhfuil aon chion ola ann;

ciallaíonn “úinéir”, i ndáil le long, an duine atá cláraithe mar úinéir na loinge, an duine ar leis an long, agus, i gcás loinge is le stát (lena n-áirítear an Stát) agus a oibríonn duine atá cláraithe sa stát sin mar oibritheoir na loinge, ciallaíonn “úinéir” an duine atá cláraithe mar oibritheoir na loinge sin;

folaíonn “truailiú”, nuair a úsáidtear gan cháiliú é, truailiú le hola, le meascán olach, le substaint leachtach urchóideach, le substaint dhochrach, le séarachht nó le trufflais;

ciallaíonn “forordú” forordú le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire agus forléireofar “forordaithe” dá réir sin;

tá le “leasanna gaolmhara” an bhrí a shonraítear in *alt 26(5)(b)*;

ciallaíonn “séarachht”—

(a) siltean agus dramhaíolacha eile ó leithris, fualáin agus scupair leithris uisce de chineál ar bith ar bord loinge; nó

(b) siltean as ceathrúna leighis ar bord loinge trí bhíthin báisíní níocháin, tobán níocháin agus scupar atá suite sna ceathrúna sin; nó

(c) siltean as spásanna ina bhfuil ainmhithe beo ar bord loinge; nó

(d) aon dramhuisce eile a scaoiltear amach as long nuair a bhíonn an t-uisce sin measctha le haon cheann de na siltin atá sonraithe ag *mír (a)*, *(b)* nó *(c)*;

ciallaíonn “long” soitheach de chineál ar bith a oibríonn sa mhuirthimpeallacht agus folaíonn sé duillárthaí, feithiclí aerchúisíneacha, tumadóirí, árthaí snámha agus ardáin sheasmhacha nó snámha agus folaíonn sé daingneáin, feistis agus trealamh;

ciallaíonn “suirbhéir long” duine a cheaptar chun bheith ina shuirbhéir long le barántas ón Aire faoi alt 724 den *Merchant Shipping Act*, 1894;

ciallaíonn “aistriú”, i ndáil le hola, bulc-aistriú.

(2) Aon fhocal nó abairt a úsáidtear gan mhíniú san Acht seo agus a úsáidtear freisin sa *Merchant Shipping Act*, 1894, nó san Acht Loingis Thráchtála, 1955, beidh an bhrí chéanna leis san Acht seo atá leis san Acht sin, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt.

(3) Aon tagairt san Acht seo don Stát nó d’aon tír eile folaíonn sí farraigí teorann agus uiscí intíre an Stáit nó, de réir mar a bheidh, farraigí teorann agus uiscí intíre na tíre eile sin.

(4) Aon tagairt san Acht seo d’alt is tagairt í d’alt den Acht seo mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’Acht éigin eile atá beartaithe.

(5) Aon tagairt san Acht seo d’fho-alt nó do mhír is tagairt í don fho-alt nó don mhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’fhoráil éigin eile atá beartaithe.

(6) Aon tagairt san Acht seo d’aon achtachán forléireofar í mar thagairt don achtachán sin arna leasú nó arna oiriúnú le haon achtachán dá éis sin.

Díolúintí ón Acht.

4.—(1) Ní bheidh feidhm ag an Acht seo maidir le long chogaidh nó le haon long a bheidh á húsáid de thuras na huaire ag rialtas aon tíre chun críocha seachas críocha tráchtála.

(2) Féadfaidh an tAire le rialacháin, i gcás gur deimhin leis nach dtiocfadh de thoradh díolúine den sórt sin go méadófaí ar bhaol truaillithe, aon aicme nó aicmí long a bheidh cláraithe sa Stát a dhíolmhú,

faoi réir cibé coinníollacha (más ann) a bheidh sonraithe sna rialacháin, ó chomhlíonadh aon fhorála den Acht seo nó aon rialachán a dhéanfar faoi.

5.—Gach ordú agus rialachán a dhéanfar faoin Acht seo leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithis is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den lá is fiche a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú nó an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe nó an rialacháin, beidh an t-ordú nó an rialachán ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú nó faoin rialachán.

Orduithe agus rialacháin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

6.—(1) Déanfar táillí faoin Acht seo a ghlacadh agus a bhailiú i cibé slí a ordóidh an tAire Airgeadais ó am go ham agus déanfar aon táillí a ghlacfar agus a bhaileofar amhlaidh a íoc isteach sa Stáitchiste nó a chur chun tairbhe don Stáitchiste, de réir ordacháin an Aire Airgeadais.

Táillí.

(2) Ní bheidh feidhm ag an *Public Offices Fees Act*, 1879, maidir le haon táillí a ghlacfar agus a bhaileofar faoin Acht seo.

7.—Déanfar na caiteachais a thabhoídh an tAire ag riar an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Caiteachais an Aire.

8.—Aisghairtear leis seo gach achtachán atá leagtha amach sa *Chéad Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo a mhéid atá sonraithe sa tríú colún den Sceideal sin.

Aisghairm.

9.—Gach ordú agus rialachán a rinne an tAire agus gach ordachán a thug an tAire, faoi aon fhoráil d'aon achtachán a aisghairtear leis an Acht seo, atá i bhfeidhm díreach roimh thosach feidhme an Achta seo (nó, de réir mar a bheidh, roimh thosach feidhme na forála iomchuí den Acht seo), leanfaidh sé i bhfeidhm agus féadfar é a leasú nó a chúlghairm amhail is dá mba faoin Acht seo a rinneadh nó a tugadh é, de réir mar a bheidh.

Orduithe, rialacháin etc. a bhuanú.

CUID II

TRUAILLIÚ A CHOSC

Toirmeasc ar
scaoileadh amach ola
agus substaintí eile.

10.—(1) Chun lánéifeacht a thabhairt do chríocha an Achta seo, féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh—

(a) chun toirmeasc a chur nó rialáil a dhéanamh ar aon ola, meascán olach, substaint leachtach urchóideach, substaint dhochrach, séarachacht nó truflais a scaoileadh amach aon áit ar farraige as long atá cláraithe sa Stát nó a scaoileadh amach sa Stát as aon long;

(b) chun rialú a dhéanamh ar oibríochtaí forordaithe ar bord loinge a bhaineann le haon substaint den sórt sin a iompraítear ar an long.

(2) Beidh úinéir agus máistir loinge, a ndéantar sárú ar rialacháin faoin alt seo maidir léi, ciontach i gcion.

(3) Féadfaidh go mbainfidh rialacháin faoin alt seo le longa i gcoitinne nó le haon aicme loinge, le substaintí i gcoitinne nó le haon tuairisc substainte agus féadfar iad a chur faoi réir cibé coinníollacha agus cibé díolúintí a bheidh forordaithe.

(4) Féadfaidh an tAire a fhoráil le rialacháin gur substaint dhochrach, substaint leachtach urchóideach, ola nó meascán olach, séarachacht nó truflais í aon substaint fhorordaithe, chun críocha an Achta seo.

(5) Féadfaidh an tAire a cheangal le rialacháin go ndéanfaidh máistir nó úinéir loinge, a bhfuil aon substaint fhorordaithe á hiompar aici, fógra a thabhairt cibé tráth agus ar cibé modh a fhorordófar faoi aon chás ina bhfuil ar intinn aon substaint den sórt sin a luchtú nó a dhíluchtú sa Stát.

Cosaint maidir le
scaoileadh amach in
imthosca áirithe.

11.—Ní bheidh feidhm ag rialacháin faoi *alt 10*—

(a) maidir le haon ola, meascán olach, substaint leachtach urchóideach, substaint dhochrach, séarachacht nó truflais a scaoileadh amach san fharraige chun—

(i) sábháilteacht loinge a áirithiú, nó

(ii) beatha a shábháil ar farraige,

má bhí an scaoileadh amach sin, ag féachaint do na himthosca go léir, riachtanach agus réasúnach; nó

(b) maidir le haon ola, meascán olach, substaint leachtach urchóideach, substaint dhochrach, séarachta nó trullais a scaoileadh amach san fharraige de dheasca aon damáiste don long nó dá trealamh, ar choinníoll go mbeidh gach beart réasúnach déanta tar éis don damáiste tarlú nó, de réir mar a bheidh, tar éis an scaoileadh amach a bheith fionnta, chun an scaoileadh amach a chosc nó a íoslaghdú agus nár ghníomhaigh an t-úinéir nó an máistir le hintinn damáiste a dhéanamh ná go meargánta; nó

(c) maidir le haon substaint fhorordaithe a scaoileadh amach san fharraige chun an damáiste ó thruailliú a íoslaghdú, ar choinníoll go raibh an scaoileadh amach ceadaithe ag an Aire nó thar a cheann.

12.—(1) Aon uair is dóigh leis an Aire, i ndáil le haon chuan sa Stát— Saoráidí chun iarmhair olacha agus substaintí eile a dhiúscairt.

(a) go bhfuil gá le saoráidí chun ola, meascáin olacha, substaintí leachtacha urchóideacha, substaintí dochracha, séarachta nó trullais a scaoileadh amach nó a dhiúscairt, nó

(b) nach leor na saoráidí atá sa chuan le haghaidh an scaoilte amach nó na diúscartha sin,

féadfaidh sé a cheangal le rialacháin—

(i) ar an údarás cuain, i gcás go bhfuil údarás cuain i bhfeighil an chuain, agus

(ii) in aon chás eile, ar an duine a bhfuil an cuan faoina rialú,

cibé socrú a dhéanamh a shonrófar sna rialacháin maidir leis an scaoileadh amach nó an diúscairt sin.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar socrú a dhéanamh le rialacháin faoin alt seo maidir le gach ní nó le haon ní díobh seo a leanas:

- (a) an modh ar a bhféadfar ola, meascáin olacha, substaintí leachtacha urchóideacha, substaintí dochracha, séarachta agus truflais a scaoileadh amach as long;
- (b) diúscairt aon substainte den sórt sin a scaoiltear amach amhlaidh;
- (c) na saoráidí le haghaidh an scaoilte amach nó na diúscartha sin a bheidh le cur ar fáil ag údarás cuain nó, de réir mar a bheidh, ag an duine a bhfuil an cuan faoina rialú,
- (d) an tréimhse ama ar laistigh di a bheidh na saoráidí sin le cur ar fáil;
- (e) na himthosca ina bhféadfar fadú a dhéanamh ar an tréimhse ama chun na saoráidí sin a chur ar fáil;
- (f) an modh ar a bhféadfar, agus an tréimhse ama ar laistigh di a fhéadfar, iarratas a dhéanamh ar fhadú ama den sórt sin.

(3) Aon údarás cuain, nó aon duine a bhfuil cuan faoina rialú, a chuireann saoráidí ar fáil chun ola, meascáin olacha, substaintí leachtacha urchóideacha, substaintí dochracha, séarachta nó truflais a scaoileadh amach nó a dhiúscairt de bhun rialachán faoin alt seo, féadfaidh sé muirir réasúnacha a ghearradh agus coinníollacha réasúnacha a fhorchur i leith úsáid aon saoráidí a chuirtear ar fáil amhlaidh.

(4) Beidh duine a sháróidh rialachán faoin alt seo ciontach i gcion.

13.—(1) Aon uair—

- (a) a dhéantar nó is dócha go ndéanfar aon ola, meascán olach, substaint leachtach urchóideach, substaint dhochrach, séarachta nó truflais a scaoileadh amach sa Stát nó in aon limistéar forordaithe lasmuigh den Stát de dheasca damáiste do long, nó chun sábháilteacht loinge a áirithiú nó beatha dhaonna a shábháil, nó
- (b) a dhéantar nó is dócha go ndéanfar, le linn oibriú loinge sa Stát nó in aon limistéar forordaithe den sórt sin, aon substaint

Tuairisc faoi
scaoileadh amach sa
Stát nó i gcuan nó i
limistéar forordaithe.

den sórt sin a scaoileadh amach ar mó a cainníocht ná an chainníocht, más ann, a cheadaítear le rialacháin faoi *alt 10*,

tuairisceoidh úinéir nó máistir na loinge láithreach don Aire, nó más i gcuan a tharla an teagmhas, don mháistir cuain nó don duine a bhfuil an cuan faoina rialú, gur tharla an teagmhas agus cén chúis a bhí leis.

(2) Déanfaidh an máistir cuain nó an duine a bhfuil an cuan faoina rialú an teagmhas a thuairisciú láithreach don Aire.

(3) Sonrófar i ngach tuairisc faoin alt seo—

(a) nádúr an teagmhais;

(b) céannacht na loinge nó na long lena mbaineann;

(c) am, cineál agus suíomh an teagmhais;

(d) cainníocht agus cineál na substainte a bhí i gceist sa scaoileadh amach;

(e) aon chabhair nó aon bhearta tarrthálais a bhí i gceist sa teagmhas.

(4) Féadfaidh an tAire le rialacháin cibé socrú a dhéanamh is cóir leis i ndáil le tuairisc a thabhairt faoin alt seo.

(5) Beidh aon duine a sháróidh an t-alt seo nó aon rialachán faoi ciontach i gcion.

14.—(1) Féadfaidh an tAire le rialacháin a cheangal ar úinéir nó máistir loinge, nó loinge d'aicme fhorordaithe, atá cláraithe sa Stát, a chur faoi deara—

Longa a threalmhú
etc., chun thruailliú a
chosc.

(a) go mbeidh an long sin déanta nó feistithe, nó go n-oibreofar í, ar cibé modh a shonrófar sna rialacháin, agus

(b) go gcomhlíonfaidh an long sin cibé ceanglais eile a shonrófar amhlaidh,

chun cosc a chur le hola, meascáin olacha, substaintí leachtacha urchóideacha, substaintí dochracha, séarachta nó truflais a scaoileadh amach san fharraige, nó chun scaoileadh amach den sórt sin a rialú nó a laghdú.

(2) Aon duine is úinéir nó máistir loinge a sháróidh aon rialachán faoin alt seo beidh sé ciontach i gcion.

Taifid a choinneáil.

15.—(1) Coinneoidh máistir loinge lena mbaineann alt 14—

- (a) cibé taifid a fhorordófar i dtaobh oibríochtaí ar bord a loinge i ndáil le haon substaint fhorordaithe;
- (b) cibé taifid a fhorordófar i dtaobh scaoileadh amach aon substainte forordaithe de dheasca damáiste do long, nó chun—
 - (i) sábháilteacht loinge a áirithiú, nó
 - (ii) beatha a shábháil ar farraige, nó
- (c) cibé taifid a fhorordófar i dtaobh aon substaint a scaoileadh amach ar mó a cainníocht ná an chainníocht, más ann, a cheadaítear le rialacháin faoi *alt 10*.

(2) Féadfaidh an tAire, i rialacháin faoi fho-alt (1), foráil a dhéanamh maidir le gach ní nó le haon ní díobh seo a leanas i ndáil le haon substaint fhorordaithe—

- (a) an modh ar ar chóir agus an fhoirm inar chóir aon taifid a choinneáil a cheanglaítear faoin alt seo;
- (b) coimeád agus caomhnú aon taifead den sórt sin;
- (c) diúscairt aon taifead den sórt sin;
- (d) aon taifid den sórt sin a chur ar fáil lena n-iniúchadh;
- (e) cibé nithe eile agus nithe teagmhasacha is dóigh leis an Aire is gá.

(3) Aon duine—

- (a) a sháróidh an t-alt seo nó aon rialachán arna dhéanamh faoi, nó
- (b) a dhéanfaidh, in aon taifead a cheanglaítear a choinneáil faoin alt seo, aon iontráil nó athrú is eol dó a bheith bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha,

beidh sé ciontach i gcion.

16.—Beidh feidhm ag ailt 14 agus 15 i ndáil le long agus le húinéir agus máistir loinge atá cláraithe i dtír seachas an Stát le linn don long sin a bheith sa Stát amhail is dá mbeadh an long cláraithe sa Stát.

Feidhm ailt 14 agus 15 maidir le longa coigríche.

CUID III

FORFHEIDHMIÚ

17.—(1) Féadfaidh an tAire le rialacháin, d'fhonn a shuíomh go gcomhlíonann aon long nó aon aicme loinge ceanglais rialachán faoi *alt 14*, a cheangal go ndéanfar suirbhéireacht, iniúchadh nó tástáil, ar cibé modh agus cibé tráthanna a fhorordófar, ar aon long, nó ar long de cibé aicme a shonrófar sna rialacháin, ar a trealamh agus ar a feistis.

Suirbhéireachtaí agus iniúchtaí ar longa.

(2) Déanfaidh—

(a) suirbhéir long, nó

(b) cigire arna cheapadh faoi *alt 20* chun críocha an ailt seo, na dualgais go léir maidir le suirbhéireacht, iniúchadh nó tástáil chun críocha rialachán faoin alt seo a chomhlíonadh, de réir ordacháin an Aire.

(3) Déanfaidh úinéir nó máistir loinge an long a chur faoi cibé suirbhéireacht, iniúchadh nó tástáil a fhorordófar agus íocfaidh sé cibé táille a fhorordófar le hordú faoi *fo-alt (5)*.

(4) Más deimhin leis an suirbhéir long nó leis an duine eile a cheaptar chun críocha an ailt seo go gcomhlíonann an long, a trealamh nó a feistis lena mbaineann an tsuirbhéireacht ceanglais an Achta seo cuirfidh an tAire faoi deara, ar an táille fhorordaithe a íoc, deimhniú um chomhlíonadh na gceanglas sin a eisiúint i cibé foirm agus ar cibé modh agus faoi réir cibé coinníollacha a fhorordóidh sé.

(5) Féadfaidh an tAire le hordú, le toiliú an Aire Airgeadais, na táillí a fhorordú a bheidh le híoc as suirbhéireachtaí, iniúchtaí agus tástálacha a dhéanfar, agus as deimhnithe a eiseofar, faoin alt seo.

(6) Nuair a bheidh suirbhéireacht, iniúchadh nó tástáil déanta ar long de bhun rialachán arna ndéanamh faoin alt seo agus go mbeidh deimhniú eisithe faoi *fo-alt (4)* i ndáil leis an long sin, ní dhéanfar aon athrú, seachas aon trealamh nó feistis atá fabhtach a ionadú, ar struchtúr,

ar threalamh ná ar fheistis na loinge gan toiliú roimh ré a bheith tugtha ag an Aire nó thar a cheann.

(7) Beidh úinéir agus máistir loinge, a ndéantar sárú ar an alt seo nó ar rialacháin faoin alt seo maidir léi, ciontach i gcion.

Suirbhéireachtaí
thar ceann tíre de
chuid Choinbhinsiún
MARPOL.

18.—(1) Féadfaidh an tAire, ar iarraidh ó Rialtas tíre eile is Páirtí i gCoinbhinsiún MARPOL, a chur faoi deara go ndéanfar suirbhéireacht ar long atá cláraithe sa tír sin; sa chás sin, beidh feidhm ag *ailt 14* agus *17* maidir leis an long sin amhail is dá mba long í a bhí cláraithe sa Stát agus gur ghéill an t-úinéir don tsuirbhéireacht.

(2) I ndeimhniú arna eisiúint faoi alt 17 i leith loinge den sórt sin, beidh ráiteas á rá gur ar iarraidh ón Rialtas lena mbaineann a eisíodh é.

(3) Déanfar cóip de thuarascáil suirbhéireachta agus cóip de dheimhniú a dhéantar nó a eisítear de bhun an ailt seo a chur, a luaithe is féidir, chuig an Rialtas lena mbaineann.

Suirbhéirí long.

19.—Is cigire chun críocha an Achta seo suirbhéirí long agus, faoi réir cibé ordachán a thabharfaidh an tAire, tuairisceoidh sé go ginearálta don Aire i dtaobh—

(a) an bhfuil ceanglais an Achta seo á gcomhlíonadh;

(b) cé na bearta atá déanta chun cosc a chur le truailliú arbh é ola, meascáin olacha, substaintí leachtacha urchóideacha, substaintí dochracha, séarachta nó trufalais d'éalú as longa ba chúis leis;

(c) an bhfuil saoráidí in aon chuan nó in aon áit eile sa Stát chun substaintí den sórt sin a scaoileadh amach agus a dhiúscairt agus an leor na saoráidí sin.

Cigirí a cheapadh.

20.—(1) Féadfaidh an tAire, le barántas, duine a cheapadh chun bheith ina chigire chun cibé feidhmeanna a shonraítear sa bharántas a chur i gcrích chun críocha an Achta seo.

(2) Tabharfar barántas a údaráis do gach cigire a cheaptar faoi *fho-alt (1)* agus, le linn dó feidhm a fheidhmiú faoin Acht seo, tabharfaidh sé an barántas ar aird lena iniúchadh, má iarrtar air é.

21.—(1) Féadfaidh cigire na nithe sin go léir a dhéanamh a mheasann Cumhachtaí cigirí. sé is gá chun a fheidhmeanna a chur i gcrích faoin Acht seo.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)* agus aon fhorála eile den Acht seo, féadfaidh cigire—

- (a) tráth ar bith, dul ar bord aon loinge le linn don long a bheith sa Stát nó dul ar bord loinge Éireannai áit ar bith agus an long agus an t-innealra, na báid, an trealamh nó na feistis go léir atá uirthi a iniúchadh agus aon trealamh atá ar bord na loinge, agus a cheanglaítear faoin Acht seo a bheith feistithe ar an long, a thástáil;
- (b) aon doiciméad atá ar bord na loinge a iniúchadh agus a cheangal ar aon duine atá ar bord na loinge aon doiciméad atá ina sheilbh nó faoina rialú a thabhairt ar aird dó nó freagra a thabhairt ar aon fhiosrúchán;
- (c) a cheangal ar aon duine atá ar bord loinge a ainm agus a sheoladh a thabhairt dó;
- (d) samplaí d'ola, de mheascáin olacha, de shubstaintí leachtacha urchóideacha, de shubstaintí dochracha, de shéarachtaí nó de thrufflaí a thógáil ó aon long;
- (e) cóip a dhéanamh d'aon iontráil in aon doiciméad nó taifead forordaithe agus a cheangal ar an duine a choinníonn an doiciméad nó an taifead a dheimhniú gur cóip dhílis den iontráil an chóip;
- (f) cóip a dhéanamh d'aon iontráil in aon logleabhar de chuid na loinge nó aon taifead eile ar an long agus a cheangal ar mháistir na loinge a dheimhniú gur cóip dhílis den iontráil an chóip;
- (g) tráth ar bith, dul isteach in aon áit, cibé acu ar talamh nó ar farraige, agus iniúchadh a dhéanamh ansin—

- (i) ar aon choimeádán ina stóráiltear ola, meascáin olacha, substaintí leachtacha urchóideacha, substaintí dochracha, séarachta nó truflais, nó
- (ii) ar aon ghaireas chun ola, meascáin olacha, substaintí leachtacha urchóideacha, substaintí dochracha, séarachta nó truflais a aistriú chuig long nó uaithi;
- (h) trí thoghairm faoina láimh, a cheangal ar dhuine ar bith teacht ina láthair agus an duine sin a cheistiú faoi mhionn (agus údaraítear leis seo don chigire daoine a chur faoi mhionn);
- (i) a cheangal ar fhinné dearbhú a dhéanamh gur fíor aon ráitis a rinneadh agus é faoi cheistiú agus an dearbhú sin a shíniú.

(3) Beidh finné i láthair cigire i dteideal na ndíolúintí agus na bpríhléidí céanna a gheobhadh sé dá mba fhinné os comhair na hArd-Chúirte é agus lamhálfaí cibé caiteachais dó a lamhálfaí d'fhinné a bheadh ag freastal na hArd-Chúirte ar *sub poena*: agus cuirfear aon díospóid i dtaobh mhéid na gcaiteachas sin faoi bhráid Máistir Fómhais agus déanfaidh seisean méid na gcaiteachas a chinntiú agus a dheimhniú, ar iarratas a dhéanamh chuige faoi láimh cigire.

(4) D'fhonn dul ar bord loinge chun a fheidhmeanna faoin Acht seo a fheidhmiú, féadfaidh cigire a cheangal ar mháistir na loinge cibé bearta a dhéanamh agus cibé saoráidí a chur ar fáil is gá chun a chumasú dó dul ar bord.

(5) Féadfaidh cigire, chun críocha an Achta seo, a cheangal ar mháistir loinge a bheith ar bord na loinge agus fanacht ansin le linn dó an long a iniúchadh agus féadfaidh an cigire a cheangal ar an máistir aon cheisteanna a fhreagairt nó aon fhaisnéis a thabhairt is dóigh leis an gcigire is gá nó is iomchuí.

(6) Aon duine—

- (a) a mhainneoidh freastal a dhéanamh ar é a thoghairm mar fhinné os comhair cigire agus ar na caiteachais a bhfuil teideal aige chucu faoin alt seo a thairiscint dó, nó a dhiúltóidh mionn a ghlacadh a gceanglóidh an cigire go dleathach air é a ghlacadh, nó

- (b) a dhiúltóidh nó a fhailleoidh aon fhreagra nó aon tuairiscéan a thabhairt, nó aon doiciméad a thabhairt ar aird, nó aon dearbhú a dhéanamh nó a shíniú, nó cóip d'aon iontráil a dheimhniú, i gcás ina bhfuil teideal ag an gcigire a cheangal air sin a dhéanamh,
- (c) a mhainneoidh nó a fhailleoidh stop a chur le long ar chigire a iarraidh air an long a stopadh chun a chumasú don chigire an long a bhordáil chun í a iniúchadh, nó
- (d) a chuirfidh bac go toiliúil ar chigire agus an cigire sin ag feidhmiú a fheidhmeanna faoin Acht seo,

beidh sé ciontach i gcion.

22.—(1) I gcás go gcinnfidh cigire, tar éis dó long a iniúchadh—

Long nó trealamh atá fabhtach.

- (a) nach bhfuil an long nó aon trealamh nó feisteas uirthi ar comhréir go substaintiúil leis na mionsonraí a shonraítear i ndeimhniú faoi *alt 17* nó i ndeimhniú comhionann arna eisiúint ag Páirtí eile i gCoinbhinsiún MARPOL, nó
- (b) go bhfuil an long nó aon trealamh nó feisteas uirthi chomh fabhtach sin nach bhfuil an long inniúil chun cur chun farraige gan bheith ina mórbhaol damáiste don mhuirtheimpeallacht,

ordóidh an cigire láithreach don mháistir gach ní is gá a dhéanamh chun a chinntiú—

- (i) go bhfuil an long nó a trealamh ar comhréir leis na mionsonraí a dúradh, nó
- (ii) go ndéanfar aon fhabht a chinneann an cigire amhlaidh a leigheas,

de réir mar a bheidh.

(2) Gan dochar d'aon chumhacht eile a thugtar do chigire faoin Acht seo, féadfaidh cigire lena mbaineann an t-alt seo, más deimhin leis nach gcomhlíonann long (nó a feistis nó a trealamh) deimhniú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* nó go bhfuil sí chomh fabhtach sin nach bhfuil an long inniúil chun cur chun farraige gan bheith ina mórbhaol do bheo-acmhainní muirí,

an long a choinneáil go dtí cibé tráth a gcomhlíonfar aon ordacháin a thabharfaidh sé faoin alt seo i ndáil leis an long.

(3) Déanfaidh cigire na bearta sin go léir is dóigh leis is gá chun a chinntiú nach gcuirfidh long a mbeidh ordacháin tugtha aige i ndáil léi faoin alt seo chun farraige nó nach bhfágfaidh sí cuan chun dul go dtí an clós deisiúcháin is cóngaraí gan bheith ina baol míchuí damáiste do bheo-acmhainní muirí.

(4) Aon duine—

(a) a mhainneoidh ordachán de chuid aon chigire faoin alt seo a chomhlíonadh, nó

(b) a chuirfidh long atá coinnte ag cigire faoi *fho-alt* (2) chun farraige, nó a fhéachfaidh lena cur chun farraige, seachas de réir an Achta seo,

beidh sé ciontach i gcion.

(5) Gan dochar d'aon ionchúiseamh a thionscnófar de bhun *fho-alt* (4), mura gcomhlíonfaidh máistir loinge atá cláraithe sa Stát ordachán cigire faoin alt seo, tuairisceoidh an cigire an mhainneachtain sin láithreach don Aire agus féadfaidh an tAire, tar éis dó breithniú a dhéanamh ar thuairisc an chigire agus ar cibé faisnéis eile i ndáil leis an mainneachtain sin a mheasann sé le réasún is gá nó is iomchuí, a ordú go ndéanfar deimhniú faoi *alt 17* a eisíodh i ndáil leis an long a tharraingt siar.

Cead isteach i gcuan
nó sa Stát a dhiúltú do
longa.

23.—(1) Féadfaidh máistir cuain cead isteach sa chuan atá faoina rialú a dhiúltú do long a bhfuil cúis réasúnach aige chun a chreidiúint—

(a) nach gcomhlíonann sí ceanglais an Achta seo, nó

(b) gur mórbhaol damáiste í do flora nó do fauna, do bheo-acmhainní muirí, don chuan nó do longa eile,

mura gá cead isteach a thabhairt don long chun beatha a shábháil.

(2) I gcás gur deimhin leis an Aire, nó le duine arna cheapadh ag an Aire faoi *fho-alt (4)* chun gníomhú thar a cheann, gur long lena mbaineann *mír (a)* nó *(b) d'fho-alt (1)* i long, féadfaidh sé, dá rogha féin amháin, a thoirmeasc le hordachán ar an long dul isteach sa Stát nó i gcuan nó a cheangal ar an long imeacht ón Stát nó ó chuan agus, i gceachtar cás, cibé coinníollacha a shonrófar a chomhlíonadh.

(3) Má tá máistir cuain tar éis cead isteach a dhiúltú faoi *fho-alt (1)*, féadfaidh an tAire, nó duine arna cheapadh aige faoi *fho-alt (4)* chun gníomhú thar a cheann, a ordú don mháistir cuain a cheadú don long dul isteach, agus cibé coinníollacha a chomhlíonadh a shonróidh an tAire, nó an duine arna cheapadh aige faoi *fho-alt (4)*, tar éis dul i gcomhairle leis an máistir cuain, agus sa chás sin ceadóidh an máistir cuain don long dul isteach sa chuan ar na coinníollacha sin, agus comhlíonfaidh máistir na loinge na coinníollacha sin.

(4) Féadfaidh an tAire le barántas duine a cheapadh chun gníomhú thar a cheann chun críocha *fho-ailt (2)* agus *(3)* agus tabharfar barántas don duine sin agus, le linn dó feidhm faoin alt seo a fheidhmiú, tabharfaidh sé an barántas ar aird lena iniúchadh, má iarrtar air é.

(5) Féadfaidh an tAire le rialacháin foráil a dhéanamh, maidir le longa i gcoitinne nó le longa d'aon aicme fhorordaithe—

(a) go dtabharfaidh úinéir nó máistir loinge fógra á rá go bhfuil an long ag dul nó le dul isteach sa Stát agus faoina haistear agus faoina ceann scríbe le linn di a bheith sa Stát agus cibé faisnéis eile a bhaineann leis an long agus a lasta a fhorordófar;

(b) go gcoiscfear ar long, nó ar long a bhfuil lasta sonraithe á iompar aici, dul isteach sa Stát má tá cúis réasúnach aige chun a chreidiúint go mbeadh sí ina cúis le mórbhaol guaiseacha do shláinte an duine, damáiste do bheatha dhaonna, dochar do bheo-acmhainní muirí, nó dochar do flora nó fauna, nó damáiste do thaitneamhachtaí, nó le cur isteach ar úsáidí dlisteanacha na farraige.

(6) Beidh an t-úinéir, an máistir agus aon duine a mhainneoidh ordachán nó ceanglais rialachán faoin alt seo a chomhlíonadh ciontach i gcion.

Longa a choinneáil.

24.—(1) Aon uair atá cúis réasúnach ag cigire nó ag máistir cuain chun a chreidiúint go raibh long, nó go bhféadfadh long a bheith, ina cúis le truailliú agus go bhfuil an long sa Stát, féadfaidh sé an long a stopadh agus a choinneáil.

(2) Ní fhéadfar na cumhachtaí a thugtar do mháistir cuain le *fo-alt (1)* a fheidhmiú ach amháin le linn don long lena mbaineann a bheith laistigh den chuan atá faoina rialú.

(3) Scaoilfear saor aon long a choinnítear de bhun *alt 22(2)* nó *fho-alt (1)* den alt seo—

(a) más deimhin le réasún leis an gcigire nó leis an máistir cuain nach mórghaol í an long a thuilleadh do bheo-acmhainní muirí nó go bhfuil scortha aici de bheith ina cúis le truailliú, de réir mar a bheidh, nó

(b) más é tuairim an chigire gur féidir leis an long cur chun farraige nó an cuan a fhágáil chun dul go dtí an clós deisiúcháin is cóngaraí gan bheith ina baol míchuí damáiste do flora nó do fauna nó do bheo-acmhainní muirí, agus—

(i) go ngeallfaidh máistir na loinge go ndéanfar an fabht atá ar an long nó ar a trealamh, agus a bhfuil an long ina cúis le truailliú dá dheasca, a leigheas, agus

(ii) go gcuirfidh úinéir na loinge urrús ar aghaidh atá, i dtuairim an chigire, sásúil chun íoc as an gcostas a bhaineann le leigheas a chur ar aon damáiste ó thruailliú a mbeidh an long, le linn di a bheith ar a turas go dtí an clós deisiúcháin is cóngaraí, ina cúis leis.

(4) Más rud é go bhfágfaidh long atá coinnithe de bhun an ailt seo aon chuan nó aon áit eile, nó go bhféachfaidh sí leis sin a dhéanamh, ar shlí seachas de réir an ailt seo, beidh úinéir agus máistir na loinge araon ciontach i gcion agus féadfar an long, cibé áit a mbeidh sí, a choinneáil, nó a choinneáil níos faide, ag cigire nó ag máistir cuain ina chuan.

(5) Ní dhéanfaidh cigire nó máistir cuain, i bhfeidhmiú a chumhachtaí faoin Acht seo, long a choinneáil nó a mhoilliú go míchuí.

25.—(1) Gan dochar d’aon chumhacht eile a thugtar leis an Acht seo, féadfaidh máistir cuain, i gcás aon loinge a bheidh sa chuan atá faoina rialú—

Cumhachtaí máistrí cuain.

- (a) dul ar bord na loinge agus, chun na himthosca a fhionnadh a bhaineann le haon ola, meascán olach, substaint leachtach urchóideach, substaint dhochrach, séarachta nó truflais a líomhnaítear a bheith scaoilte amach sa chuan, an long agus a hinnealra, agus aon bháid, trealamh, lasta nó airteagail atá ar bord na loinge, a iniúchadh;
- (b) a cheangal go dtabharfar ar aird aon taifead nó doiciméad eile a cheanglaítear a choinneáil, faoin Acht seo nó ar shlí eile, agus é a iniúchadh;
- (c) cóip a dhéanamh d’aon iontráil in aon taifead nó doiciméad den sórt sin agus a cheangal ar mháistir na loinge nó ar an duine a choinníonn an taifead nó an doiciméad a dheimhniú gur cóip dhílis an chóip.

(2) Aon duine—

- (a) a mhainneoidh ceanglas de chuid máistir cuain faoin alt seo a chomhlíonadh, nó
- (b) a chuirfidh bac go toiliúil ar mháistir cuain agus an máistir cuain sin ag feidhmiú a fheidhmeanna faoin alt seo,

beidh sé ciontach i gcion.

26.—(1) Faoi réir *fho-alt (6)*, féadfaidh an tAire nó aon duine a bheidh údaraithe aige (“duine údaraithe”), chun baol ó thruailliú nó bagairt truailithe le hola, nó le haon substaint seachas ola mar a mhínítear i *bhfo-alt (10)*, i ndiaidh taisme muirí nó gníomhartha a bhaineann le taisme den sórt sin, a chosc, a mhaolú nó a chealú, cibé ordacháin a fheictear dó a bheith cuí a thabhairt—

Cumhachtaí an Aire truailiú a chosc, a mhaolú nó a chealú.

- (a) d’úinéir nó do mháistir na loinge; nó
- (b) d’aon duine atá, nó a ndéalraíonn sé le réasún don Aire nó don duine údaraithe go bhfuil sé, i bhfeighil na loinge; nó
- (c) d’aon tarrthálaí atá i seilbh an tsoithigh agus atá i bhfeighil oibríochta tarrthála; nó

(d) do cibé duine eile, a ndéalraíonn sé don Aire nó don duine údaraithe go bhfuil sé réasúnach agus riachtanach ordacháin a thabhairt dó.

(2) Ní dhéanfaidh an tAire ná an duine údaraithe, i bhfeidhmiú a chumhachta faoin alt seo, long a choinneáil nó a mhoilliú go míchuí ó dhul ar a turas.

(3) Faoi réir *fho-alt (6)*, más rud é, i dtuairim an Aire, nach leor nó gur cruthaíodh nach leor chun na críche na cumhachtaí a thugtar le *fo-alt (1)*, féadfaidh an tAire, nó an duine údaraithe, cibé gníomh agus cibé nithe a dhéanamh i ndáil leis an long lena mbaineann nó lena stóir, lena trealamh nó lena lasta is dealraitheach, ag féachaint do na himthosca go léir, a bheith riachtanach agus réasúnach chun na héifeachtaí a ghabhann le thruailliú de dhroim taisme muirí a chosc, a mhaolú nó a chealú.

(4) Gan dochar do ghinearáltacht aon chumhachtaí a thugtar leis an alt seo, féadfaidh sé go bhfolóidh aon ordacháin a thabharfar nó aon ghníomh a dhéanfar faoin alt seo—

(a) gluaiseacht loinge laistigh de theorainneacha cuain, amach astu, nó tharstu nó go dtí áit shonraithe ar cibé modh a shonrófar;

(b) long nó a gluaiseachtaí a shrianadh nó a rialú agus cibé tugaí, soithí tarrthála, árthaí eile nó aerárthaí a shonrófar do fhreastal ar an long;

(c) bordáil na loinge chun an damáiste di a mheasúnú nó chun comhairle nó cabhair a thabhairt i ndáil leis an damáiste sin a dheisiú;

(d) díluchtú, scaoileadh amach nó aistriú aon ola nó meascáin olaigh ó long, cibé acu a iompraítear i mbulc ar an long é mar lasta nó a iompraítear i mbuncair na loinge é mar bhreosla, agus díluchtú na stór, an trealaimh, an lasta nó aon substainte eile atá ar long;

(e) sonrú chineál nó aicme an tsoithigh a bhfuil aon oibríocht díluchtaithe, scaoilte amach nó aistrithe den sórt sin le déanamh aige;

(f) stóráil nó diúscairt eile aon ola, meascáin olaigh, stór, trealaimh, lasta nó aon substainte eile a dhíluchtaítear, a scaoiltear amach nó a aistrítear ó long;

- (g) bearta sonraithe tarrthála a dhéanamh, nó srian a chur lena ndéanamh, i ndáil le long nó le haon ola, meascán olach, stóir, trealamh, lasta nó aon substaint eile;
- (h) long a bhá, a scriosadh nó a ghlacadh faoi urlámhas.
- (5) (a) Féadfar na cumhachtaí a thugtar leis an alt seo a fheidhmiú más rud é, ach ar an gcoinníoll amháin, go bhfuil forais réasúnacha ag an Aire nó ag an duine údaraithe chun a chreidiúint, i ndiaidh taisme muirí nó gníomhartha a bhaineann le taisme den sórt sin, go bhfuil garchontúirt an-mhór ann go dtarlódh móriarmhairtí dochracha de bhíthin truailliú do líne an chósta nó do leasanna gaolmhara.
- (b) San fho-alt seo ciallaíonn “leasanna gaolmhara” leasanna an Stáit agus sláinte agus dea-bhail a chuid saoránach, agus, gan dochar don mhéid sin roimhe seo, folaíonn sé—
- (i) sláinte an phobail cois cósta agus dea-bhail aon limistéir lena mbaineann;
- (ii) acmhainní muirí, flora agus fauna, agus gnáthóga an flora agus an fauna sin;
- (iii) gníomhaíochtaí muirí, cósta, calafoirt nó inbhir, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iascaigh, is deis mhaireachtála do dhaoine lena mbaineann;
- (iv) tarraingtí cuartaíochta aon limistéir lena mbaineann.
- (6) Tabharfaidh an tAire deimhniú a údaráis do dhuine údaraithe agus tabharfaidh an duine sin an deimhniú ar aird lena iniúchadh, má iarrtar air é.
- (7) Aon duine—
- (a) a sháróidh go toiliúil ordachán faoin alt seo nó a mhainneoidh ordachán den sórt sin a chomhlíonadh, nó
- (b) a chuirfidh bac go toiliúil ar dhuine atá ag gníomhú i gcomhlíonadh ordacháin den sórt sin,
- beidh sé ciontach i gcion.

(8) Gach duine a chomhlíonfaidh ordachán faoin alt seo, déanfaidh sé gach rud is féidir chun aon phriacal do bheatha dhaonna a sheachaint agus, in ionchúiseamh duine mar gheall ar mhainneachtain ordachán faoin alt seo a chomhlíonadh, is cosaint é don duine a shuíomh go raibh forais réasúnacha aige chun a chreidiúint go mbeadh priacal mór do bheatha dhaonna i gceist dá gcomhlíonfaí an t-ordachán.

(9) Dlífidh úinéir loinge na caiteachais a bhaineann nó a ghabhann le haon ghníomh a dhéanfaidh an tAire nó duine údaraithe de bhun an ailt seo a íoc leis an Aire agus beidh na caiteachais sin, gan dochar d'aon leigheas eile, inghnóthaithe de réir mar atá tarrthálas inghnóthaithe.

(10) San alt seo—

ciallaíonn “ola” amhola, ola bhreosla, ola dhíosail agus ola bhealaithe;

ní fholaíonn “long” aon suiteáil nó feiste atá ag gabháil do thaiscéaladh agus saothrú acmhainní ghrinneall na farraige agus urlár an aigéin agus fho-ithir an chéanna;

ciallaíonn “substaint seachas ola”, dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, aon substaint i liosta atá i gceangal leis an bPrótacal Idirghabhála agus aon substaint eile ar dóigh di guaiseacha do shláinte an duine a chruthú, dochar a dhéanamh do bheo-acmhainní agus don bheatha mhuirí, damáiste a dhéanamh do thaitneamhachtaí nó cur isteach ar úsáidí dlisteanacha eile na farraige.

Ceart cúiteamh a
ghnóthú ón Aire.

27.—(1) Aon duine a shuífidh, maidir le haon bhearta a rinneadh lasmuigh d'uiscí teorann an Stáit de bhun *alt 26* i ndáil le long atá cláraithe sa Stát nó i dtír is páirtí sa Choinbhinsiún Idirghabhála, go ndeachaigh siad thar mar ba ghá le réasún chun a gcuspóir a bhaint amach, beidh sé i dteideal cúiteamh a ghnóthú ón Aire trí dhámhachtain dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* nó in aon chúirt dlínse inniúla in aon chaillteanas nó damáiste a bhain don duine sin de bhrí gur mhó na bearta sin ná na bearta ba ghá le réasún chun an cuspóir sin a bhaint amach.

(2) Nuair a bheifear á bhreithniú an bhfuil duine i dteideal cúiteamh a ghnóthú ón Aire de bhun *fho-alt (1)*, tabharfar aird ar na nithe seo a leanas—

- (a) an dóchúlacht go raibh damáiste ar tí a dhéanta, agus méid an damáiste sin, mura mbeadh na bearta sin déanta;
- (b) an chosúlacht go mbeadh na bearta sin éifeachtach; agus
- (c) méid an damáiste arbh iad na bearta sin ba chúis leis.

(3) Measfar gur dámhachtain eadrána faoin Acht Eadrána, 1954, dámhachtain eadrána faoin gCoinbhinsiún Idirghabhála ar éileamh ar chúiteamh lena mbaineann fo-alt (1).

28.—Mas deimhin leis an Aire—

Orduithe a bhaineann
le Coinbhinsiúin agus
Prótacail.

- (a) gur ghlac nó gur shéan aon tír (seachas an Stát) an Coinbhinsiún Idirghabhála, an Prótacal Idirghabhála nó Coinbhinsiún MARPOL nó aon Choinbhinsiún nó Prótacal atá daingnithe ag an Stát agus a leasaíonn nó a leathnaíonn aon Choinbhinsiún nó Prótacal den sórt sin, nó
- (b) go bhfuil réim ag aon Choinbhinsiún nó Prótacal den sórt sin in aon chríoch nó go scoireann sé de réim a bheith aige in aon chríoch,

féadfaidh sé, le hordú, é sin a dhearbhu.

CUID IV

ILGHNÉITHEACH

29.—Aon duine a dhéanfaidh cion faoin Acht seo dlífear—

Pionóis.

- (a) ar é a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná £1,000, nó príosúnacht ar feadh aon téarma nach faide ná dhá mhí dhéag, nó, de rogha na cúirte, an fhíneáil sin agus an phríosúnacht sin le chéile, a chur air, nó
- (b) ar é a chiontú ar díotáil, fineáil nach mó ná £10,000,000, nó príosúnacht ar feadh aon téarma nach faide ná 5 bliana, nó, de rogha na cúirte, an fhíneáil sin agus an phríosúnacht sin le chéile, a chur air.

Imeachtaí i leith
cionta.

30.—(1) Féadfaidh an tAire imeachtaí achoimre i leith aon chiona faoin Acht seo a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh.

(2) Féadfaidh an t-údarás cuain imeachtaí achoimre i leith ciona i ndáil le cuan áirithe nó le máistir cuain áirithe a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh.

(3) D'ainneoin alt 10(4) den *Petty Sessions (Ireland) Act*, 1851, féadfar imeachtaí achoimre i ndáil le cion faoin Acht seo a thionscnamh—

(a) i ngach cás, laistigh de dhá bhliain ó dháta an chiona, nó

(b) i gcás an duine atá le cúiseamh a bheith lasmuigh den Stát ar dhul in éag don tréimhse sin, laistigh de shé mhí ón gcéad dáta ina dhiaidh sin a dtiocfaidh sé isteach sa Stát.

(4) Féadfar imeachtaí i ndáil le cion faoin Acht seo a thionscnamh in aon áit sa Stát agus féadfar, chun gach críche teagmhasaí, déileáil leis an gcion mar chion a rinneadh san áit sin.

(5) Gan dochar d'aon dlínse eile, féadfar imeachtaí i ndáil le cion faoin Acht seo a thionscnamh in aghaidh duine in aon áit a mbeidh sé de thuras na huaire.

Cionta ag comhlacht
corpraithe.

31.—I gcás cion faoin Acht seo a bheith déanta ag comhlacht corpraithe agus go gcruthófar go ndearnadh an cion le toiliú nó le cúlcheadú, nó gur urasaíodh a dhéanamh trí aon fhaillí ar thaobh, aon duine is stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile dá shamhail don chomhlacht sin, nó aon duine a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú in aon cháil den sórt sin, beidh seisean, chomh maith leis an gcomhlacht sin, ciontach sa chion sin.

Comhlacht corpraithe
a dhíotáil.

32.—(1) Féadfar comhlacht corpraithe a chur ar aghaidh, le cúirtbhannaí nó dá n-éagmais, chun a thrialach, ar díotáil, i leith ciona faoin Acht seo.

(2) Ar é a dhíotchúiseamh os comhair na Príomh-Chúirte Coiriúla nó na Cúirte Cuarda, féadfaidh an comhlacht corpraithe pléadáil chiontach nó, de réir mar a bheidh, neamhchiontach a thaifeadadh i scríbhinn trína ionadaí, agus, mura láithreoidh sé trí ionadaí arna cheapadh aige chuige sin, nó, cé go láithreoidh sé amhlaidh, mura dtaifeadfaidh sé pléadáil ar bith, ordóidh an chúirt pléadáil neamhchiontach a thaifeadadh agus

rachaidh an triail ar aghaidh amhail is dá mbeadh an comhlacht corpraithe tar éis an phléadáil sin a thaifeadadh go cuí.

(3) Aon ráiteas i scríbhinn a airbheartóidh a bheith sínithe ag rúnaí an chomhlachta corpraithe á rá go bhfuil an duine a ainmnítear sa ráiteas ceaptha mar ionadaí don chomhlacht chun críocha an áit seo, beidh sé inghlactha mar fhianaise gan a thuilleadh cruthúnais gur ceapadh an duine amhlaidh.

(4) Aon toghairm nó doiciméad a cheanglaítear a sheirbheáil, chun críche nó i gcúrsa imeachtaí i leith ciona faoin Acht seo, ar chomhlacht corpraithe, féadfar é a sheirbheáil trína fhágáil ag oifig chláraithe an chomhlachta sin nó trína chur leis an bpost cláraithe go dtí an oifig sin nó, mura bhfuil aon oifig den sórt sin sa Stát, trína fhágáil ag aon áit sa Stát ina seolann an comhlacht a chuid gnó nó trína chur leis an bpost cláraithe go dtí an áit sin.

33.—(1) Faoi réir *fho-alt (3)*, déanfar na fineálacha go léir i leith cionta faoin Acht seo a íoc isteach sa Státchiste de réir cibé ordachán a thabharfaidh an tAire Airgeadais ó am go ham. Fineálacha a bhailiú agus a chur chun feidhme.

(2) I gcás nach n-íocfar go cuí fineáil a fhorchuirtear ar úinéir nó ar mháistir loinge, féadfaidh an chúirt, gan dochar d'aon chumhachtaí eile chun íoc a fhorfheidhmiú, a ordú go ndéanfar aon mhéid den fhíneáil atá gan íoc a thobhach trí cibé maoín, arb é a bheidh inti an long, a trealamh agus a stóir, is dóigh leis an gcúirt is gá, a thochsal agus a dhíol.

(3) Más dóigh leis an gcúirt a ghearrann fineáil gur thabhaigh nó go dtabhóidh aon duine caiteachas ag aistriú aon truaillithe, nó ag slánú aon damáiste is inchurtha i leith an chiona, féadfaidh an chúirt a ordú go ndéanfar an fhíneáil go léir, nó cibé cuid di a shonrófar san ordú, a íoc leis an duine sin chun an caiteachas sin nó cuid de a ghlanadh.

34.—Gach doiciméad a airbheartóidh gur taifead é a choinnítear de bhun an Achta seo, an Choinbhinsiúin Idirghabhála, an Phrótacail Idirghabhála nó Choinbhinsiúin MARPOL, nó gur cóip dhílis é, arna deimhniú amhlaidh ag an duine ar a gceanglaítear an taifead a choinneáil, Cruthúnas ar dhoiciméid áirithe.

d'aon iontráil sa taifead sin, toimhdeofar, mura suífear a mhalairt, gurb é an taifead nó an chóip sin é agus beidh sé inghlactha, gan a thuilleadh cruthúnais, mar fhianaise ar na fíorais atá ann.

Toimhde maidir le
scaoileadh amach.

35.—Más rud é, maidir le long atá cláraithe sa Stát nó le long, cibé áit a bhfuil sí cláraithe, le linn di a bheith sa Stát, go bhfeictear scaoileadh amach d'aon substaint a bhfuil feidhm ag an Acht seo maidir léi agus go bhfeictear an long an-chóngarach don scaoileadh amach, toimhdeofar, go dtí go gcruthófar a mhalairt, gur as an long a scaoileadh amach í.

Leasú ar an Acht
um an Scairbh
Ilchríochach, 1968.

36.—(1) Leasaítear leis seo an tAcht um an Scairbh Ilchríochach, 1968, tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 7:

“Ola nó substaintí eile
a scaoileadh amach.

7.—(1) Féadfaidh an tAire Fuinnimh, i gcomhairle le hAire na Mara, rialacháin a dhéanamh lena dtoirmiscear nó lena rialáiltear aon ola, meascán olach, substaint leachtach urchóideach, substaint dhochrach, séarachta nó truflais a scaoileadh amach—

(a) as píblíne, nó

(b) ar shlí seachas as long, de dhroim aon oibríochta chun grinneall agus fo-ithir na farraige a thaiscéaladh nó a n-acmhainní nádúrtha a shaothrú i limistéar ainmnithe.

(2) I gcás go mbeidh sárú ar aon rialacháin den sórt sin beidh úinéir na píblíne nó, de réir mar a bheidh, an duine a sheolann na hoibríochtaí, ciontach i gcion.

(3) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo dlífear—

(a) ar é a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná £1,000, nó príosúnacht ar feadh aon téarma nach faide ná dhá mhí dhéag, nó, de rogha na cúirte, an fhíneáil sin agus an phríosúnacht sin le chéile, a chur air, nó

(b) ar é a chiontú ar díotáil, fineáil nach mó ná £10,000,000, nó príosúnacht ar feadh aon téarma nach faide ná 5 bliana, nó, de rogha na cúirte, an fhíneáil sin agus an phríosúnacht sin le chéile, a chur air.

(4) San alt seo tá le ‘ola’, ‘meascán olach’, ‘substaint leachtach urchóideach’, ‘substaint dhochrach’, ‘séarach’, ‘trufalais’ agus ‘scaoileadh amach’ na bríonna céanna atá leo san *Acht um Thruailliú na Farraige, 1991.*”.

(2) Beidh feidhm ag alt 7 den Acht um an Scairbh Ilchríochach, 1968 (a cuireadh isteach san Acht sin le fo-alt (1)) chun críocha an Achta seo maidir leis an gcríoch náisiúnta mar atá feidhm aige maidir le limistéir ainmnithe.

37.—Beidh feidhm ag an Acht um Ola-Thruailliú na Farraige (Dliteanas Sibhialta agus Cúiteamh), 1988, faoi réir fhorálacha an *Dara Sceideal*.

Leasú ar an Acht um Ola-Thruailliú na Farraige (Dliteanas Sibhialta agus Cúiteamh), 1988.

38.—I gcás go bhfuil an tAire, faoi alt 26, i dteideal aon chaiteachais a ghnóthú, is fianaise *prima facie* ar mhéid an chaiteachais sin deimhniú faoi shéala oifigiúil an Aire ina ndeimhnítear méid na gcaiteachas.

Fianaise ar chaiteachais an Aire.

39.—(1) Aon uair a choinneoidh cigire nó máistir cuain long i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar le *halt 22(2)* nó le *halt 24*, beidh éifeacht le forálacha *fho-alt (2)*.

Forálacha a bhaineann le longa a choinneáil.

(2) I gcás gur choinnigh cigire nó máistir cuain long i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó faoin Acht seo, déanfaidh sé, a luaithe is féidir, máistir na loinge a bhfuil imeachtaí maidir le cion faoin Acht seo tionscanta nó ar tí a dtionscanta ina aghaidh a thabhairt os comhair Breithimh Dúiche agus air sin déanfaidh an Breitheamh Dúiche, mas deimhin leis go bhfuil na himeachtaí sin eisithe nó ar tí a n-eisithe in aghaidh mháistir na loinge, le hordú atá dírithe ar chigire nó, de réir mar a bheidh, ar mháistir cuain, a cheangal ar an gcigire nó ar an máistir cuain an máistir nó cibé duine eile a ordóidh sé a choinneáil ar bord na loinge ag áit shonraithe sa Stát go dtí go mbeidh na himeachtaí sin breithnithe ag cúirt i bhfeidhmiú a dlínse coiriúla, nó go dtí go ndéanfar ordú eile.

Máistir loinge a
choinneáil go dtí go
ndéanfar cinneadh
ar imeachtaí (lena
n-áirítear achomhairc)
faoin Acht.

40.—(1) I gcás go gciontófar duine i gcion faoin Acht seo, nó go ndéanfar imeachtaí i ndáil le cion a dhíbhe, agus go mbeidh an long a ndearnadh an cion ina leith coinnithe faoin Acht seo, déanfaidh an Breitheamh nó, de réir mar a bheidh, an Breitheamh Dúiche lena mbaineann, le hordú a bheidh dírithe ar chigire nó ar mháistir cuain, a cheangal ar an gcigire nó ar an máistir cuain, i gcás achomhairc i gcoinne ordú na cúirte a éisteann an t-ábhar, nó i gcás imeachtaí eile i ndáil leis an ordú sin, an máistir a choinneáil ar bord na loinge níos faide ag áit shonraithe sa Stát fad a bheidh cinneadh maidir leis an achomhairc nó leis na himeachtaí eile (agus aon imeachtaí de dhroim an achomhairc nó na n-imeachtaí eile) ar feitheamh nó go dtí go ndéanfar ordú eile.

(2) Más rud é, maidir le cion faoin Acht seo, go ndéanfar ordú faoin alt seo nó faoi *alt 39* chun an máistir a choinneáil, féadfaidh Breitheamh Dúiche, dá rogha féin, le hordú a bheidh dírithe ar chigire nó ar mháistir cuain, de réir mar a bheidh, a cheangal an máistir a scaoileadh saor mura bhfuil an long á coinneáil faoi *alt 22, 24* nó *26*, má thugtar urrús a bheidh, i dtuairim an Bhreithimh Dúiche, sásúil chun suim a íoc, i gcás an cosantóir a chiontú i leith an chiona nó na gcionta a bhfuil sé cúisithe maidir leo nó i gcás go mainneoidh sé freastal os comhair aon chúirte nuair is gá an freastal sin chun críocha aon réamhscrúdaithe faoin Acht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967, i ndáil leis an gcion nó leis na cionta nó le haon trialacha, achomhairc nó imeachtaí eile i ndáil leis an gcion nó leis na cionta, ar suim í atá, i dtuairim an Bhreithimh Dúiche, leordhóthanach—

(a) chun an uasfhíneáil nó na huasfhíneálacha a íoc a ordáítear a íoc maidir leis an gcion nó leis na cionta nó a d'fhéadfaí a ordú a íoc maidir leo nó chun cibé suim a íoc atá sásúil, i dtuairim an Bhreithimh Dúiche, ag féachaint d'imthosca an cháis,

(b) le haghaidh mhéid measta na gcostas (más ann) a bhaineann le haon trialacha, achomhairc nó imeachtaí eile i ndáil leis an gcion nó leis na cionta a dhámhtar nó a d'fhéadfaí a dhámhachtain in aghaidh an chosantóra lena mbaineann.

(3) I gcás go ndéanfar ordú faoin alt seo chun an máistir a choinneáil nó a scaoileadh saor, coinneofar nó scaoilfear saor é, de réir mar a bheidh, de réir théarmaí an ordaithe.

41.—Aon uair a thabharfaidh cosantóir urrús de bhun alt 40 chun aon fhíneáil a fhorchuirtear i leith ciona faoin Acht seo a íoc agus le haghaidh na gcostas measta a bhaineann le haon trialacha, achomhairc nó imeachtaí eile i leith ciona den sórt sin, féadfaidh an chúirt, nuair a bheidh cinneadh críochnaitheach déanta ar an triail, ar an achomharc nó ar na himeachtaí eile, de réir mar a bheidh, má chinneann sí gur cuí déanamh amhlaidh, ar iarratas ón ionchúisitheoir, a ordú go ndéanfar méid na fíneála a fhorchuirtear maidir leis an gcion mar aon le méid aon chostas a dhámhfar maidir le haon triail, achomharc nó imeachtaí eile, a íoc leis an Aire amach as an urrús.

Íocaíocht as urrús dá bhforáiltear in alt 40.

42.—I gcás go gciontófar duine i gcion faoin Acht seo a dhéanfar tar éis thosach feidhme an ailt seo, ordóidh an chúirt don duine, mura deimhin léi go bhfuil fáthanna speisialta agus substaintiúla ann gan déanamh amhlaidh, na costais agus na caiteachais, arna dtomhas ag an gcúirt, a íoc leis an Aire nó leis an údarás cuain lena mbaineann, is costais agus caiteachais a thabhaigh an tAire agus an t-údarás le réasún i ndáil leis an gcion a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh, lena n-áirítear costais a tabhaíodh le linn samplaí a thógáil, tástálacha, scrúduithe agus anailísí a sheoladh agus maidir le luach saothair agus caiteachais eile fostaíthe, sainchomhairleoirí agus comhairleoirí.

Costais ionchúiseamh.

43.—(1) I gcás go mbeartóidh Breitheamh Dúiche ordú a dhéanamh chun cosantóir atá os a chomhair, atá cúisithe i leith ciona faoin Acht seo agus a bhfuil gnáthchónaí air lasmuigh den Stát, a scaoileadh amach ar bannaí ordóidh sé (mura deimhin leis gur féidir na doiciméid go léir (lena n-áirítear díotáil) a cheanglaítear le dlí a sheirbheáil ar an gcosantóir i dtaca leis an gcúiseamh, nó chun críche an chúisimh nó aon imeachtaí de dhroim an chúisimh nó i dtaca leis, a sheirbheáil go cuí ar an gcosantóir sa Stát) go bhféadfar, in ionad na doiciméid sin a sheirbheáil ar an gcosantóir, iad a sheirbheáil ar dhuine a shonrófar san ordachán agus a bhfuil gnáthchónaí air sa Stát.

Doiciméid a sheirbheáil.

(2) I gcás gur deimhin le Breitheamh Dúiche a thug ordachán faoin alt seo, nó le Breitheamh Dúiche eile atá ag gníomhú ina ionad, nach féidir, toisc duine a shonrófar san ordachán a bheith marbh nó a bheith as láthair ón Stát nó ar aon chúis eile, doiciméad dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a sheirbheáil ar an duine sin, ordóidh an Breitheamh go bhféadfar an doiciméad a sheirbheáil ar dhuine eile a shonrófar san ordachán agus a bhfuil gnáthchónaí air sa Stát.

(3) Measfar chun gach críche gurb ionann doiciméad dá dtagraítear san alt seo a sheirbheáil ar dhuine a shonrófar in ordachán faoin alt seo agus é a sheirbheáil ar an gcosantóir lena mbaineann.

Alt 8.

AN CHÉAD SCEIDEAL

Achtacháin a Aisghairtear

Seisiún agus Caibidil nó Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	Méid na hAisghairme (3)
57 & 58 Vic., c. 60	<i>Merchant Shipping Act</i> , 1894	Fo-alt (2) d'alt 448
Uimh. 25 de 1956	An tAcht um Ola-Thruailliú na Farraige, 1956	An tAcht go léir
Uimh. 1 de 1965	An tAcht um Ola-Thruailliú na Farraige (Leasú), 1965	An tAcht go léir
Uimh. 15 de 1977	An tAcht um Ola-Thruailliú na Farraige (Leasú), 1977	An tAcht go léir

Alt 37.

AN DARA SCEIDEAL

*Leasú ar an Acht um Ola-Thruailliú na Farraige (Dliteanas Sibhialta
agus Cúiteamh), 1988*

1. Sa Sceideal seo—

ciallaíonn “an Phríomh-Acht” an tAcht um Ola-Thruailliú na Farraige (Dliteanas Sibhialta agus Cúiteamh), 1988.

2. Aon fhocal nó abairt a úsáidtear gan mhíniú sa Phríomh-Acht agus a úsáidtear freisin sa *Merchant Shipping Act*, 1894, beidh an bhrí chéanna leis sa Phríomh-Acht atá leis san Acht sin 1894, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt.

3. Tá alt 16(1) den Phríomh-Acht faoi réir alt 44(2) den Acht sin.

4. Cuirfear an méid seo a leanas in ionad fho-alt (1) in alt 19 den Phríomh-Acht:

“(1) Is é dualgas cibé daoine a bheidh forordaithe tuairisceán faoin méid amhola agus ola breosla a iompraítear ar farraige agus a ghlacann na daoine sin i gcuanta, i suiteálacha críochfoirt agus i gcríochfoirt amach ón gcósta sa Stát a chur faoi bhráid an Aire go bliantúil i cibé slí agus ar nó roimh cibé dáta a bheidh forordaithe.”.

5. Cuirfear an fo-alt seo a leanas isteach in alt 37 den Phríomh-Acht:

“(4) Féadfar imeachtaí i leith ciona faoin Acht seo a thionscnamh in aon áit sa Stát.”.

6. Cuirfear an méid seo a leanas in ionad fho-alt (1) d’alt 39 den Phríomh-Acht:

“(1) Aon toghairm nó doiciméad eile a cheanglaítear a sheirbheáil, chun críche nó i gcúrsa imeachtaí faoin Acht seo, ar chomhlacht corpraithe, féadfar é a sheirbheáil trína fhágáil ag oifig chláraithe an chomhlachta sin nó trína chur leis an bpost cláraithe go dtí an oifig sin nó, mura bhfuil aon oifig den sórt sin sa Stát, trína fhágáil ag aon áit sa Stát ina seolann an comhlacht a chuid gnó, nó trína chur leis an bpost cláraithe go dtí an comhlacht ag an áit sin.”.

7. In alt 45 den Phríomh-Acht (a bhaineann le táillí) cuirfear “d’aon duine” in ionad “d’úinéir aon loinge”.